**Gaelscoil Áine,**
Bóthar Naomh Mobhí,
Droim Conrach,
B.Á.C 9  D09XP65
gaelscoilaine@gmail.com

***Príomhoide:*** *Niamh Nic Dhiarmada* ***Cathaoirleach:*** *G.Ó Cleircín* ***Uimhir Rolla:*** 20517C

**Plean freagartha do Covid-19**

## 1. Nós na maidine- daltaí ag teacht isteach ar scoil

Iarrtar ar thuismitheoirí fanacht sa charr go dtí an t-am ceart atá leagtha amach dá bpáiste. Féach ar na sonraí thíosluaite.
Is gá do gach tuismitheoir páirceáil sa charrchlós sna spásanna in aice leis an gclaí má tá siad ag teacht sa charr.
Ní ceadmhach páirceáil ag doras na scoile.
Táimid ag iarraidh ar thuismitheoirí gan a bheith ag crochadh thart i ngrúpaí lasmuigh den scoil ar maidin agus san iarnóin.
Iarrtar ar thuismitheoirí masc a chaitheamh agus iad ag teacht go dtí an scuaine.
Iarrtar ar thuismitheoirí scaradh sóisialta (1m) a dhéanamh agus iad sa scuaine.
Iarrtar ar thuismitheoirí na marcanna ar an gcosán a úsáid chun an scaradh sóisialta a éascú.
Iarrtar ar dhaltaí na málaí scoile a chur ar a ndromanna.
Níor chóir go mbeadh aon rud i lámha an pháiste.
Iarrtar ar thuismitheiorí gan ach an bosca lóin agus deoch a chur sna málaí scoile. Ní bheidh cás pinn luaidhe de dhíth agus ní bheidh cead ag daltaí aon rud breise ón mbaile a thabhairt ar scoil leo e.g. leabhair, bréagáin etc.

Ní bheidh cead ag tuismitheoirí teacht isteach sa scoil ar maidin leis na daltaí.
Ní bheidh cead isteach sa scoil ag tuismitheoir in am ar bith gan coinne a bheith déanta roimh ré.

Iarrtar ar thuismitheoirí dul díreach ar ais chuig a gcarranna tar éis dóibh a bpáistí a fhágáil san áit atá leagtha amach dóibh. Beidh na múinteoirí ag fanacht ar na daltaí sna háiteanna sin (i.e. ag an bpríomhdhoras agus ag bun an staighre éalaithe) agus tabharfaidh siadsan isteach iad. Má tá tuismitheoir déanach, is gá dul go deireadh an scuaine. Má tá an rang imithe isteach, is gá dul chuig an bpríomhdhoras, an cloigín dorais a bhuaileadh agus baileofar do pháiste. Moltar do thuismitheoirí a bheith in am.

Má tá tuismitheoir/páiste ar rothar is gá an rothar a pháirceáil ag an seastán rothar ar dtús agus ansin dul sa scuaine.
Níl cead rothair/scútair a thabhairt isteach san fhorhalla.

Iarrtar ar thuistí clogaid a thabhairt abhaile nó iad a chur i málaí plaisteacha agus iad a cheangal leis an rothar/scútar.

1. **Naíonáin Sóisir**

| **Am**<br>8:20i.n | **Áit**<br>Príomhdhoras na scoile ó 1/3/21 | **Duine**<br>Múinteoir Sarah |
|---|---|---|

2. **Naíonáin Sinsir**

| **Am**<br>8:25i.n | **Áit**<br>Bun an staighre éalaithe ar chúl na scoile. | **Duine**<br>Múinteoir Lauren |
|---|---|---|

**Taobh istigh den scoil:**

Nuair a théann na daltaí isteach, bainfidh siad úsáid as díghalrán lámh.
Nuair a théann siad chuig a seomraí ranga, rachaidh siad chuig a gcathaoireacha agus bainfidh siad a gcótaí díobh. Cuirfidh siad a gcótaí ina málaí scoile. Cuirfidh siad na málaí scoile faoi na boird.
Má tá na cótaí fliuch, fágfar ar na crochairí iad.

**Ranganna agus faighneoga:**

I ngach seomra, cuirfear gach dalta i bhfaighneog de cheathrar.
Naíonáin Sóisir: 26 san iomlán: 5 ghrúpa de 4 = 20 agus 1 ghrúpa de 6 = 6 (le bord breise)
Naíonáin Shinsir: 16 san iomlán: 4 ghrúpa de 4 =16

Fanfaidh na daltaí sna faighneoga céanna go dtí briseadh na Cásca.
Beidh na boird leagtha amach mar atá molta sa Treochlár.
Beidh spás 1m ar a laghad idir gach faighneog.
Beidh spás 1m ar a laghad idir bord an mhúinteora agus boird na ndaltaí.
Ní bheidh caidreamh idir na ranganna i rith an lae.

**2.Trealamh:**

Beidh coimeádán aonair ag gach dalta. Beidh siosúr, peann luaidhe, dathanna, bioróir, scriosán, rialóir, marcóir, clár bán,scuab péint bata gliú sa choimeádán.
Coinneofar na coimeádáin sna faighneoga.

**3.Leabhair:**

Beidh a gcuid leabhar féin ag gach dalta.
Beidh ciseán aonair ag gach dalta.
Cuirfear na leabhair i gciseán aonair. (Ní chuirfear iad i mbeart le chéile ar na seilfeanna)

**3.1. Cóipleabhair/ Leabhair a cheartú:**

Déanfar na cóipleabhair/leabhair a cheartú agus na daltaí sna faighneoga.
Ní bhaileofar na cóipleabhair/ leabhair le chéile.
Beidh ciseán aonair ag gach dalta agus cuirfear na cóipleabhair/leabhair ar ais sna ciseáin sin nuair atá siad ceartaithe.

Bainfear úsáid as féincheartúchán freisin.(aghaidheanna ag bun an leathanaigh)

## 4.Leabhair leabharlainne:

Beidh bosca plaisteach ag gach faighneog.
Cuirfear beart leabhar nua isteach sa bhosca gach Aoine.
Glanfar na boscaí agus clúdaigh le ceirtín gach Aoine.

## 5. Am scéalaíochta:

Beidh diosca plaisteach aonair ag gach dalta.
Suífidh na daltaí ar an urlár ar a spota féin. Suífidh siad leis na baill eile óna bhfaighneoga.
Beidh gach faighneog scartha ó na faighneoga eile.

## 6. Aistear:

Beidh róta in úsáid. Beidh gach faighneog ag obair le chéile ag stáisún amháin. Beidh gach faigneog scartha ó na faighneoga eile.
Fanfaidh na daltaí ag an stáisiún céanna don lá - ní rachaidh siad chuig na stáisiúin eile.
Glanfar an trealamh ag deireadh an lae.
Beidh bosca aonair le clúdach air ag gach dalta don mharla.(ainm an dalta ar an mbosca)
Beidh babhla aonair do na licíní/ coirníní /sreang ag gach dalta.(ainm an dalta ar an mbabhla)
Beidh clár bán aonair ag gach dalta. (ainm an dalta air)
Éadaí don ról-imirt- glanfar iad ag deireadh an lae. Ní bheidh cead ag na daltaí iad a roinnt.
Ní ceadmhach gaineamh nó uisce a úsáid.

## 7. Obair bhaile:

Cuirfear obair bhaile abhaile ar an Luan i bhfillteán (mála plaisteach le zip). Tógfar an fillteán ar ais ar an Aoine. Iarrfar ar thuismitheoirí na fillteáin a ghlanadh le ceirtín agus iad sa bhaile agus sula dtugann siad ar ais iad.
Beidh nóta obair bhaile san fhillteán. Bainfear úsáid as Seesaw freisin.

## 8. Leithris:

**Naíonáin Sóisir:** Tá fáil ag na daltaí ar 6 leithreas sa bhloc leithris nua.
Cuirfear na daltaí amach chuig na leithris ina bhfaighneoga.
Tá gallúnach lámh agus uisce reatha ar fáil.
Tá tuáillí páipéir ar fáil.
Tá boscaí bruscair ar fáil.
Nuair a thagann na daltaí ar ais chuig an rang, cuirfidh siad díghalrán lámh ar a lámha.
Tá comharthaí/fógraí crochta sna leithris chun meabhrú do dhaltaí a lámha a ní.

**Naíonáin Sinsir:** Tá na leithris sa rang.
Cuirfear na daltaí amach chuig na leithris ina bhfaighneoga.
Tá leacht níocháin agus uisce reatha ar fáil.
Tá tuáillí páipéir ar fáil.
Tá boscaí bruscair ar fáil.
Nuair atá siad ag teacht ar ais chuig an rang, cuirfidh siad díghalrán lámh ar a lámha.
Tá comharthaí/fógraí crochta sna leithris chun meabhrú do dhaltaí a lámha a ní.

## Leithreas na múinteoirí:

Bainfidh foireann na scoile úsáid as an leithreas do dhaoine faoi mhíchumas.
Ní bheidh cead ag na daltaí an leithreas sin a úsáid.

## 9. Am lóin:

Beidh am lóin/ sosa agaithe. (Rachaidh N.Sinsir amach go dtí an clós sula mbíonn bia acu. Íosfaidh N.Sóisir bia sula dtéann siad amach)

| | | | |
|---|---|---|---|
| Naíonáin Sóisir: | Am Sosa | 10:20-10:40r.n | Am lóin: 12:10- 12:20 i.n |
| Naíonáin Sinsir: | Am Sosa | 10:20-10:40 r.n | Am lóin: 12:10-12-20 i.n |

Beidh an t-oide tacaíochta ar dualgas le linn am sosa/am lóin.
Sula dtosaíonn na daltaí ag ithe, glanfaidh siad a lámha.
Ní bheidh cead ag daltaí bia nó deochanna a roinnt.
Rachaidh na daltaí amach sa chlós gach lá ach amháin má bhíonn an aimsir ró-olc.
Sa chás sin, bainfear úsáid as an halla (Naí. Sinsir) agus an seomra breise (Naí. Sóisir).
Fanfaidh na daltaí sna faighneoga le linn sosa/lóin a oiread is féidir.
Má bhaintear úsáid as bréagáin/trealamh spóirt, glanfar é ag deireadh an lae.

## 10. Seomra foirne:

Bainfidh na múinteoirí úsáid as an seomra foirne. Ní bheidh cead ag daltaí dul isteach.
Beidh a gcuid soithí féin ag gach múinteoir.
Glanfaidh gach múinteoir a rudaí féin.
Glanfaidh an múinteoir an bord nuair atá sí críochnaithe.
Tógfaidh gach múinteoir a rudaí féin leo amach as an seomra foirne léi nuair atá sí críochnaithe.

## 11. Tionól

Fad is a bheidh paindéim Covid-19 ann ní reáchtálfar tionól scoile.

## 12. Corpoideachas/ Spórt:

Déanfar corpoideachas sa chlós má bhíonn an aimsir go maith.
Bainfear úsáid as an halla ar laethanta éagsúla.
Beidh bosca/mála fearais aonair ag Rang Naí. Sinsir agus ceann eile ag Rang Naí. Sóisir.
Glanfar an trealamh ag deireadh an lae.
Ní bheidh oidí seachtracha ag teacht isteach don chorpoideachas.

## 13. Tacaíocht foghlama:

Tá na táblaí leagtha amach mar atá molta sa Treochlár.
Grúpaí de bheirt nó grúpaí de cheathrar (ón bhfaighneog chéanna) a bheidh ag obair le chéile ag am ar bith. Ní bheidh daltaí ó na ranganna difriúla le chéile don tacaíocht foghlama.
Glanfar na boird agus na cathaoireacha idir gach grúpa.
Beidh trealamh aonair ag gach dalta.

## 14. Seomra leithlise:

Tá seomra curtha ar fáil – an seomra beag in aice leis na staighre.
Tá an trealamh cuí ar fáil sa seomra sin. (Liosta sa Treochlár)

## 15. Nósanna imeachta- am dul abhaile

### Naíonáin Sinsir:

Ag am dul abhaile, tógfar na daltaí i rang Naí. Sinsir amach tríd an staighre éalaithe.
Iarrtar ar thuismitheoirí na daltaí a bhailiú ó chúl na scoile ag an staighre éalaithe.
Fanfaidh na daltaí thíos staighre (ina bhfaighneoga).
Bainfidh siad úsáid as díghalrán lámh sula bhfágfaidh siad an scoil.

Scaoilfear **Naíonáin Sinsir** amach ag **1:05 i.n.**
Iarrtar ar thuismitheoirí scaradh sóisialta a dhéanamh agus iad ag feitheamh ar na daltaí.
Iarrtar ar thuismitheoirí masc a chaitheamh agus iad sa scuaine.
Iarrtar ar thuismitheoirí dul díreach chuig na gcarranna nuair atá a bpáistí bailithe acu.
Má tá tuismitheoir déanach, ní mór dó dul go deireadh an scuaine.

### Naíonáin Sóisir:

Scaoilfear **Naíonáin Sóisir** amach an **príomhdhoras** ag **1:10 i.n.**
Fanfaidh na daltaí sa phóirse thíos staighre (ina bhfaighneoga).
Bainfidh siad úsáid as díghalrán lámh sula bhfágfaidh siad an scoil.
Ligfear amach ina bhfaighneoga iad.
Iarrfar ar thuismitheoirí scuaine a dhéanamh os comhair na scoile.
Iarrfar ar thuismitheoirí scaradh sóisialta a dhéanamh agus iad ag feitheamh ar na daltaí.
Iarrfar ar thuismitheoirí masc a chaitheamh agus iad sa scuaine.
Iarrfar ar thuismitheoirí dul díreach chuig na carranna nuair atá a bpáistí bailithe acu.
Iarrfar ar thuismitheoirí láthair na scoile a fhágáil a luaithe agus atá a bpáistí bailithe acu.
Má tá tuismitheoir déanach, ní mór dó/di dul go deireadh an scuaine.

## 16. Mascanna/Scáthláin:

Caithfidh gach múinteoir masc/scáthlán i rith an lae nuair atá siad os comhair an ranga.
Caitfidh gach múinteoir masc más gá dóibh a bheith an-chóngarach do dhaltaí. (<1m)
Níl dualgas ar dhaltaí mascanna a chaitheamh.
Bainfidh gach ball foirne úsáid as mascanna a bhfuil caighdeán EN16483 acu.

## 17. Druil dóiteáin:

Déanfar cleachtadh ar na nósanna imeachta. Leanfar na gnáthnósanna maidir le druil dóiteáin.
Déanfaidh druil le ranganna aonair.

- Déanfar líne go ciúin.
- Siúlfaidh gach dalta amach lena bhfaighneog féin.

- I gcás dóiteáin, beidh béim curtha ar shábháilteacht na ndaltaí- iad a fháil amach as an bhfoirgneamh go sábháilte.

## 18. Glanadh i rith an lae:

Beidh fáil ag gach múinteoir ar bhosca aonair le trealamh glantacháin.
Glanfaidh gach múinteoir a bord agus a trealamh féin i rith an lae.

## 19.Glanadh ag deireadh an lae:

Déanfar glanadh iomlán ar an scoil ag deireadh an lae.
Déanfaidh an glantóir ionduchtú roimh thús na scoilbhliana.

## 20.Trealamh leictreonach - scáileán idirghníomhach

Bainfear úsáid as bata taispeána-glanfar é idir gach úsáid.
Má úsáideann na daltaí a méara, glanfar an scáileán idir gach úsáid.

## 21.Cuairteoirí chuig an scoil.

Ní bheidh cead ag cuairteoirí teacht isteach sa scoil gan cead a bheith faighte roimh ré ón bPríomhoide.
Má theastaíonn ó thuismitheoir coinne a dhéanamh le múinteoir is gá teagmháil a dhéanamh leis an múinteoir trí ríomhphost a sheoladh nó trí ghlaoch a chur ar an scoil.
Déanfar na coinní seo tar éis am scoile. Déanfar na coinní thar Zoom más féidir.
Meabhrófar do dhaoine gan teacht isteach má tá comharthaí sóirt Covid-19 orthu.
Bainfear úsáid as Logleabhar Teagmhála chun sonraí na gcuairteoirí a bhailiú. (Leanfar an prótacal maidir le cosaint sonraí.)
Fanfaidh an cuairteoir thíos staighre sa phóirse taobh amuigh, go dtí go bhfuil an t-oide réidh don chruinniú.
Má tá cuairteoir ar láthair na scoile, cuirfear scaradh fisiceach (2m) i bhfeidhm.
Iarrfar ar chuairteoirí díghalrán lámh a úsáid agus iad ag teacht isteach agus iad ag fágáil na scoile.

## 22. Aerú sna seomraí ranga

I ngach seomra ranga, tá ar a laghad fuinneog amháin a osclaíonn i gceart. Déanfar cinnte go ndéanfar na seomraí a aerú go maith gach lá.
Ar maidin, osclófar na fuinneoga 15 nóiméad roimh oscailt na scoile.
Fágfar na fuinneoga oscailte i rith an lae ach amháin má éiríonn na seomraí ró-fhuar. Sa chás sin, dúnfar iad ar feadh tamaillín bhig. Coinneofar na fuinneoga ar oscailt le linn am sosa agus am lóin. Fágfar doirse ar oscailt sna seomraí ranga den chuid is mó den lá. Ag deireadh an lae, osclófar gach fuinneog agus déanfar na seomraí a aerú ina iomláine.

**Gaelscoil Áine,**
Bóthar Naomh Mobhí,
Droim Conrach,
B.Á.C 9 D09XP65
gaelscoilaine@gmail.com

***Príomhoide:*** *Niamh Nic Dhiarmada* ***Cathaoirleach:*** *G.Ó Cleircín* ***Uimhir Rolla:*** 20517C

**Plean freagartha do Covid-19**

1. **Morning Procedure – for children arriving at school.**
   Parents are asked to remain in their cars until the allocated time for their child.
   Please find details below.
   If travelling by car, parents are required to park in the carpark in the spaces closest to the hedge.
   Parking is not permitted at the door of the school.
   We are requesting that parents do not congregate in groups in the vicinity of the school in the morning or in the afternoon.
   Parents are requested to wear a mask while in the queue.
   Parents are requested to maintain social distancing of 1m while in the queue.
   Parents are requested to follow the markings on the footpath to help with social distancing.
   Students are requested to carry their schoolbags on their backs. The children should not carry items into the school in their hands.
   Parents are asked to only put their child's lunch box and drink in the schoolbag.
   Pencil cases will not be required in school and children will not be permitted to bring in extra items from home; books, toys etc.

   Parents will not be permitted to enter the school in the morning with the children.
   Parents will not be permitted at any time without having an appointment made in advance.

   Parents are requested to return immediately to their cars after dropping off their children in the designated area. The teachers will be waiting in these areas (at the

main door and at the bottom of the emergency exit at the back of the school) and will bring the children into the school.
If a parent arrives late to the school, they must join the end of the queue. If the class has already left the area and entered the school, parents must go to the main door and ring the bell. Your child will be collected by a teacher. We advise parents to arrive on time.

If parents/students are travelling to school by bicycle/scooter, they are required to park the bicycle/scooter at the racks (at the side of the school) and then join the queue. Bicycles/ Scooters are not permitted into the hall.

Parents are requested to bring helmets home or to cover them with a plastic bag and attach them to the bicycle/scooter.

1. **Junior Infants**

| **Time** | **Designated drop-off area** | **Person** |
|---|---|---|
| **8:20 a.m** | **Main door from 1/3/21** | **Múinteoir Sarah** |

2. **Senior Infants**

| **Time** | **Designated drop- off area** | **Person** |
|---|---|---|
| **8:25.a.m** | **Bottom of the emergency exit stairs at the back of the school.** | **Múinteoir Lauren** |

## Inside the school:

When the students enter the school, they will use hand sanitiser.
When they arrive at their classroom, they will go to their chairs and take off their coats.
They will place their coats in their schoolbags. Schoolbags will be placed under the desks.
If coats are wet, they will be placed on the hangers.

## Classes and pods:

Each class will be divided into pods of four. (one pod of 6- J.Infants)

Junior Infants: 26 students in total: 5 groups of 4= 20 students and 1 group of 6= 6 students (extra table at this pod)

Senior Infants: 16 students in total: 4 groups of 4= 16

The children will remain in their pods until the Easter break.
The tables will be laid out as recommended in the Roadmap for reopening schools.
There will be at least 1m distance between each pod.
There will be at least 1m distance between the teacher’s table and the student’s desks.
The two different classes will not interact with each other during the day.

## 2.Equipment:

Each student will have an individual caddy. The caddy will contain a scissors, pencil, colours, sharpener, eraser, ruler, white-board marker, white-board, paint brush and glue stick.
Each caddy will be kept with those of their pod.

## 3.Books:

Each student will have their own books and copies.
Each student will have their own tray for their books/ copies.
Copies and books will be placed in individual trays. (Books/copies will not be collected and stored in piles on the shelves.)

## 3.1 Correction of copies/books:

Copies and books will be corrected at the pods.
Copies/books will not be collected and stored together.
When corrections have been made, the copies/ books will be placed in the individual trays.
Self-correction will also be used. (faces at bottom of the page)

## 4.Library books:

Each pod will have an individual plastic box of library books.
A new collection of books will be put into the boxes each week.
The boxes and the books will be cleaned each Friday.

## 5. Story time:

Each student will have an individual plastic disk.
The students will sit on the floor on their disk. They will sit with the other members of their pod. Each pod will be separated from the other. (1m)

## 6. Aistear:

A rota system will be used. Each pod will work at only one station. Each pod will be separated from the other. (1m)
The students will remain at the same station for the day- they will not move to other stations.
The equipment will be cleaned at the end of the day.
Each student will have an individual container with a lid for playdough. (name on container)
Each student will have an individual bowl for counters/beads/ thread. (name on bowl)
Each student will have an individual white-board.(name on board)
Clothes for role-play will be cleaned at the end of the day. Children will not be permitted to share the clothes items.
Sand and water play will not be permitted.

## 7.Homework:

Homework will be sent home on Mondays in a folder. (plastic bag with zip)
The folder will be returned on Fridays. Parents are requested to wipe clean the folder when they get it and before returning it. Homework notes will be placed in the folders.
“Seesaw” will also be used for homework.

## 8. Toilets:

Junior Infants: There are 6 toilets available for use in the new toilet block.

- The students will be sent to use the toilets in their pods.
- Liquid hand soap and running water is available for use.
- Paper towels are available for use.
- Bins are available for use.
- When children return from using the toilets, they will use hand sanitiser on their hands.
- Signage is hung in the bathrooms to help remind the children how to wash their hands correctly.

Senior Infants: Toilets are in the classroom.

- The students will be sent to use the toilets in their pods.
- Liquid hand soap and running water is available for use.
- Paper towels are available for use.
- Bins are available for use.
- When children return from using the toilets, they will use hand sanitiser on their hands.
- Signage is hung in the bathrooms to help remind the children how to wash their hands correctly.

## Teachers toilets:

Teachers will use the special needs toilets. Students are not permitted to use these toilets.

## 9. Lunch time

Lunch and break times will be staggered. Senior infants will go to the yard for the first 10 minutes of each break before eating, Junior Infants will eat in their classrooms before going to the yard.

Junior Infants: Break: 10:20-10:40a.m. Lunch: 12:10-12:30 p.m.
Senior Infants: Break: 10:20-10:40 a.m. Lunch: 12:10-12:30 p.m.

The learning support teacher will supervise lunch and break times.
Prior to eating, students will clean their hands.
Students will not be permitted to share food or drinks.
Students will go out to the yard everyday unless the weather is very inclement.
In that event, students from Senior Infants will use the hall and students from Junior Infants will use the extra room.(beside their classroom)
Children will remain in their pods during lunch as far as possible.
If toys or equipment is used, they will be cleaned at the end of the day.

## 10. Staffroom:

The teachers will use the staffroom. Students will not be permitted to enter.
Each teacher will use their own dishes/equipment.
Each teacher will clean their own dishes/equipment.
The teacher will clean the table after use.
Each teacher will bring their own items with them when they are finished.

## 11. Assembly:

Assembly will not take place for the duration of the Covid-19 pandemic.

## 12. P.E/ Sport:

P.E will take place in the yard if the weather is favourable.
The hall will be used on different days by the classes.
Junior Infants will have a box/bag of P.E equipment. Senior Infants will have their own separate box/bag of P.E. equipment.
Equipment will be cleaned at the end of the day and stored in separate areas.
External teachers will not be facilitating sporting activities.

## 13. Learning Support:

Tables have been laid out according to the Roadmap.
Two students(min) or a group of four (maximum) (a pod) will work together at one time.
Children from separate classes will not be in the same session.
Tables and chairs will be cleaned between sessions.
Each student will have their own individual equipment.

**14. Isolation room:**
An isolation room has been made available- it is located at the top of the stairs.
The appropriate equipment has been placed in the room- (Full list in the roadmap)

**15. Home-time procedures:**
**Senior Infants:**
At home-time, the children from **Senior Infants** will be brought out via the emergency stairs at the back of the school. Parents are asked to collect their children from the back of the school at the emergency exit. The children will remain downstairs in their pods until they are collected.
Children will use hand sanitiser before leaving the school.

**Senior Infants** will be released at **1:05p.m**Parents are asked to maintain social distancing while waiting for their children.
Parents are asked to wear a mask while in the queue.
Parents are asked to go directly to their cars when their children are collected.
If a parent is late, they must join the end of the queue.

**Junior Infants:**
**Junior Infants** will be released at **1:10 p.m.** at the main door.
The children will remain in the porch downstairs (in their pods).
They will use hand sanitiser before leaving the building.
They will be let out in pods.
Parents are asked to form a queue in front of the school. (markings on the footpath)
Parents are asked to maintain social distancing while in the queue.
Parents are asked to go directly to their cars when their children are collected.
Parents are asked to leave the school grounds **immediately** after collecting their children.
If a parent is late, they must join the end of the queue.

**16. Masks/Visors:**
Teachers will wear visors during the school day while teaching in front of the class.
Should teachers need to work in close proximity to the children (<1m), masks will be worn.
Students are not required to wear masks.
Mask of EN16483 will be used by all members of staff.

**17. Fire drill:**
Fire drill procedures will be practised. The usual procedures will be followed.
Each individual class will have their own fire drill.

- A line will be formed quietly
- Each student will walk with the other members of the pod
- In the event of a fire, emphasis will be on the children's safety – getting them out of the building safely.

**18. Cleaning during the day:**
Each teacher will have access to their own personal box of cleaning materials.
Each teacher will clean their own table and equipment during the day.

**19. Cleaning at the end of the day:**
The full school will be cleaned at the end of the day.
The cleaner will complete induction prior to the start of the schoolyear.

**20. Electronic Equipment- interactive screen:**
A pointer will be used- it will be cleaned between uses.

If students use their fingers on the screen, it will be cleaned after use.

## 21. Visitors to the school:

Visitors will not be permitted to the school without having received permission in advance from the principal.
If a parent would like to arrange a meeting with a teacher, he/she should e-mail the school or contact the school by phone.
Meetings will be arranged after school.
Parents are reminded not to come to the school if they have any symptoms of Covid-19 or if they feel unwell.
A contact tracing book will be used to collect data regarding visitors. (Data protection procedures will be followed)
Visitors must wait downstairs in the porch until the teacher is ready to see them for the meeting.
If a visitor is permitted into the school, physical distancing (2m) will be maintained.
Visitors will be asked to use hand sanitiser on entry and on exiting the school.

## 22. Classroom Ventilation:

In each classroom, at least one window opens properly. Classrooms will be well ventilated throughout the day. 15 minutes prior to school commencing in the morning, windows will be opened.
Windows will remain open throughout the day unless classrooms become too cold. In such cases, windows will be shut for a short period of time. Windows will remain open during breaks and lunch. Classroom doors are kept open for most of the day. At the end of the day, all windows will be opened to allow full airing.